



North South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas

An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

Health

Aquaculture and Marine

Transport

Special EU Programmes

Food Safety

Language

Environment

Education

Tourism

Trade and Business Development

Inland Waterways

Agriculture

CLÁR

Réamhrá ó na Comhrúnaithe

Caibidil a hAon	Achoimre ar na Príomhfhorbairtí	7
Caibidil a Dó	Cruinnithe Iomlánacha NSMC	11
Caibidil a Trí	Cruinnithe Institiúide NSMC	15
Caibidil a Ceathair	Cruinnithe NSMC i bhformáid Earnála	19
4.1	Talmhaíocht	21
4.2	Oideachas	23
4.3	An Comhshaol	25
4.4	Sláinte	27
4.5	Turasóireacht	29
4.6	Iompar	31
4.7	Dobharshaothrú agus Mara	33
4.8	Sábháilteacht Bia	35
4.9	Uiscebhealaí Intíre	37
4.10	Teanga	39
4.11	Cláir AE Speislta	41
4.12	Forbairt Trádála agus Gnó	43
Iarscríbhinn a hAon	Liosta de chruinnithe NSMC in 2009	45
Iarscríbhinn a Dó	An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas Comhrúnaireacht	47
Iarscríbhinn a Trí	Comhaltaí Boird na gComhlachtaí Thuaidh Theas	49



RÉAMHRÁ NA GCOMHRÚNAITHE



RÉAMHRÁ

Tá áthas orainn a thuairisciú go ndearnadh roinnt forbairtí suntasacha in 2009 i ndáil le hobair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC),

Tionóladh 30 cruinniú NSMC ar fad i rith 2009, lena n-áirítear 3 chruinniú lomlánacha. Ba thréimhse an-dúshlánach a bhí ann ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus tugadh deis don Rialtas agus d'Airí an Fheidhmeannais, sna cruinnithe lomlánacha ach go háirithe, dearcaí a mhalartú ar na bearta faoi seach a bhíodhas a fheidhmiú chun fás a chur chun cinn agus fostaíocht a chosaint. Phléigh na hAirí an scóip maidir le comhoibriú amach anseo a bheidh mar bhuntáiste don dá thaobh den teorainn agus iad ag déileáil leis an lagtrá eacnamaíochta.

Le linn 2009, chomhoibrigh Airí sa Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le chéile agus bhíodar gníomhach maidir le réimse éagsúil saincheisteanna a raibh baint dhíreach acu leis an dá dhlínse. Áirítear orthu sin: an feachtas i gcoinne Fhliú na Muc; comhoibriú ar sholáthar seirbhísí cóireála aille san Iarthuaisceart agus cairdeolaíocht phéidiatraiceach ar an oileán; forbairt infrastruchtúir lena n-áirítear tionscadail ollmhóra an A5 agus an A8 agus seirbhís iarnróid Bhaile Átha Cliath/Bhéal Feirste a fhorbairt; sábháilteacht ar bhóithre lena n-áirítear tabhairt isteach comhordaithe leibhéil alcóil fola níos ísle sa dá dhlínse; dul chun cinn ar fhorbairt straitéise uile-oileáin maidir le sláinte agus leas ainmhithe; deireadh a chur le diúscairt dramhaíola mhídhleathach trasteorann; comhoibriú ar chosaint leanaí agus féinmharú a chosc; dul i ngleic le tearc-ghnóthachtáil san oideachas agus riachtanais oideachais speisialta.

Ina theannta sin, d'athbhreithnigh na hAirí obair na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Tourism Ireland Limited. Fuair siad tuarascálacha ó Chathaoirligh, ó Leas-Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh na gComhlachtaí maidir le feidhmíocht a tomhas i gcoinne spriocanna a bhí leagtha amach ina bPleananna Gnó agus Corparáide. D'aontaigh Airí Pleananna Gnó 2009 agus buiséid, lena n-áirítear coigiltis éifeachtúlachta, a ullmhaíodh ar bhonn treoirlínte a chomhaontaigh an Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra.



Reáchtáil an Chomhrúnaireacht i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann agus Comhairle Cathrach agus Dhúiche Ard Mhacha ócáid in Ard Mhacha ina ndearnadh ceiliúradh deich mbliana ar an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas agus thug Sir George Quigley léacht dár teideal “Ireland 2020”.

Bhí an obair ar an gcóiríocht nua do Chomhrúnaireacht an NSMC in Ard Mhacha chóir a bheith tugtha chun críche ag deireadh 2009 agus meastar go n-athlonnóidh an Chomhrúnaireacht go dtí na háitribh nua, a thóg Comhairle Cathrach agus Dhúiche Ard Mhacha, i rith mhí an Aibreáin 2010. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le foireann Chomhairle Cathrach agus Dúiche Ard Mhacha as an tacaíocht leanúnach ar féidir brath uirthi a thugann siad do Chomhrúnaireacht an NSMC. Táimid ag súil go mór an chomhpháirtíocht sin a threisiú agus sinn ag fáil faoi réir bogadh isteach san áitreabh nua in 2010.

Mar fhocal scoir ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le hoifigigh i Ranna Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, le Ranna Rialtais na hÉireann, leis na Comhlachtaí Thuaidh Theas agus leis an gComhrúnaireacht as an gcúnamh agus as an gcomhoibriú fiúntach le linn na bliana.

Mary Bunting
Comhrúnaí (Thuaidh)

Tom Hanney
Comhrúnaí (Theas)

CAIBIDIL A HAON

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHFHORBAIRTÍ



CAIBIDIL A HAON: Achoimre Ar Na Príomhfhorbairtí

CÚLRA

1.1 Tá obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) sa tréimhse ó Eanáir go dtí mí na Nollag 2009 faoi chaibidil sa tuarascáil seo. Tionóladh 30 cruinniú de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas i rith na bliana – 3 cruinniú lomlánacha, 2 cruinniú Institiúide agus 25 cruinniú eárnála. Tá liosta iomlán de na cruinnithe sin ar fáil in Iarscríbhinn 1.

1.2 Rinne na hAirí cinntí tábhachtacha ag na cruinnithe sin a bhain le hobair na gComhlachtaí Forfheidhmíthe Thuaidh Theas agus obair Tourism Ireland Limited (na Comhlachtaí) agus leis na Réimsí Comhoibríthe. Tugtar sonraí iomlána faoina raibh faoi chaibidil ag na cruinnithe sin lena n-áirítear ceisteanna a bhain le rialachas corparáideach sna Comhlachtaí

agus dul chun cinn i gcláir oibre na Réimsí Comhoibríthe i gcaibidilí 2, 3 agus 4.

OBÁIR NA COMHRÚNAIREACHTA

1.3 Sa bhreis ar chruinnithe lomlánacha agus cruinnithe Aireachta a ullmhú, a eagrú agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh, bhí an Chomhrúnaireacht rannpháirteach go gníomhach ag déileáil le raon saincheisteanna substaintiúla maidir le soghluaisteacht trasteorann. Áirítear orthu, láithreán gréasáin Border People, saincheisteanna baincÉireachta agus pinsin trasteorann agus sochair leasa d'oibríthe trasteorann. Tá tuilleadh eolais maidir leis an obair a dhéanann an Chomhrúnaireacht ar na saincheisteanna sin tugtha i gCaibidil 3.



Sa phictiúr tá Noel Dorr, iar-Rúnaí Ginearálta na Roinne Gnóthaí Eachtracha, an LeasChéad-Aire Martin McGuinness MP, MLA, Sir George Quigley a thug léacht dár teideal "Ireland 2020" agus Méara Chathair agus Dhúiche Ard Mhacha, An Comhairleoir Thomas O'Hanlon ag ócáid speisialta a reáchtáladh in Ard Mhacha ag comóradh deich mbliana bhunú na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas

IMEACHTAÍ FOR-ROCHTANA

1.4 Gné thábhachtach d'obair Chomhrúnaireacht NSMC is ea gníomhaíochtaí NSMC a chur in iúl go héifeachtach. Thug an Chomhrúnaireacht freagra ar iarratais ar chruinnithe faisnéise i rith na bliana ó raon leathan grúpaí a tháinig ar cuairt lena n-áirítear mic léinn ó Ollscoil Notre Dame; an tAire Seirbhísí Poiblí agus oifigigh sinsearacha ón gCosaív; agus Comhaltachtaí Chevening, grúpa gairmeach lárghairme ó thíortha daonlathacha nua agus tíortha i mbéal forbartha ón mBanglaidéis goí Vítneam.

1.5 Coimeádann an Chomhrúnaireacht teagmháil le raon leathan geallsealbhóirí a bhfuil baint acu lena cuid oibre, lena n-áirítear na comhpháirtíochtaí trasteorann, COMET, Cumann Uiscebhealaí Intíre na hÉireann, Comhchomhairle Gnó IBEC/CBI, an tIonad do Staidéar Trasteorann agus an tIonad Idirnáisiúnta d'Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach. Bíonn an Chomhrúnaireacht ag idirchaidreamh go dlúth freisin le hoifigigh san dá riarachán atá i mbun oibre ar Thionscnamh Geata an Iarthuaiscirt.

1.6 Buaicphointe na bliana ná ócáid mhór le rá a reáchtáladh in Ard Mhacha an 2 Nollaig tráth ceiliúrtha deich mbliana bhunú na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Eagraíodh an ócáid i gcomhar idir Acadamh Ríoga na hÉireann, Comhairle Cathrach agus Dhúiche Ard Mhacha agus Comhrúnaireacht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Thug Sir George Quigley léacht d'aíonna speisialta ar an ábhar "Ireland 2020", agus lean freagra ón Uasal Noel Dorr, iar Rúnaí Ginearálta ón Roinn Gnóthaí Eachtracha i mBaile Átha Cliath. Áiríodh ar na haíonna an LeasChéad-Aire Martin McGuinness, MP, MLA.

TIONSCADAL NUA CÓIRÍOCHTA CHOMHRÚNAIREACHT NSMC

1.7 Rinneadh dul chun cinn ollmhór ar thógáil cóiríochta nua, atá saintógtha do Chomhrúnaireacht NSMC in Ard Mhacha. Tosaíodh tógáil an fhoirgnimh nua i mí an Mheithimh 2009 agus tá an obair sin ag leanúint ar aghaidh go maith. Tabharfar chun críche í i mí an Mhárta 2010 agus beidh an fhoireann ag bogadh isteach san áit go luath ina dhiaidh sin. Tá Comhairle Cathrach agus Dhúiche Ard Mhacha freagrach as gach costas

tógála agus tabharfaidh siad an foirgneamh ar léas do Chomhrúnaireacht an NSMC. Ag an gcruinniú NSMC i bhformáid institiúide an 11 Samhain, chomhaontaigh na hAirí, go reáchtálfaí cruinnithe NSMC nuair a d'fhéadfaí sa chóiríocht nua. Ba chóir gur ionann sin san fhadtárma agus úsáid níos éifeachtaí acmhainní ó thaobh costais.



CAIBIDIL A DÓ

CRUINNITHE IOMLÁNACHA NSMC

The background features a series of overlapping, semi-transparent blue circles of varying sizes. Overlaid on these circles are several light blue arrows of varying sizes and orientations, pointing in various directions, creating a sense of movement and progress.

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe Iomlánacha NSMC



Sa phictiúr ag cruinniú iomlánach NSMC in Ollscoil Uladh ag Magee an 23 Eanáir tá an LeasChéad-Aire Martin McGuinness, MP, MLA, An Taoiseach Brian Cowen, TD, agus an Chéad Aire an Ró-Onórach Peter Robinson, MP, MLA.

2.1 Thionóil an NSMC cruinniú iomlánach in Eanáir 2009 ag Ollscoil Uladh ag Magee, i mí Iúil 2009 ag Teach Farmleigh, Baile Átha Cliath agus i mí na Nollag 2009 i Léim an Mhadaidh. Ag gach aon cheann de na cruinnithe sin, ba é an Taoiseach, Brian Cowen, TD a stiúraigh toscaireachtaí Rialtas na hÉireann agus ba é an Ró-Onórach Peter Robinson, MP, MLA agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness, MP, MLA a stiúraigh toscaireachtaí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Is féidir na Teachtaireachtaí Comhpháirteacha a eisíodh i ndiaidh na gcrúinnithe sin go léir a fháil ag www.northsouthministerialcouncil.org.

2.2 Ag na cruinnithe, phléigh na hAíre an lagtrá eacnamaíochta agus an tionchar atá aige, go háirithe ar na hearnálacha baincúireachta sa dá dhlínse. Pléadh freisin an scóip atá ann comhoibriú a dhéanamh amach anseo a rachaidh chun sochair ó Thuaidh agus ó Dheas chun cuidiú leis an dá riarachán ina gcuid oibre ó thaobh fás a chur chun cinn agus fostaíocht a chosaint.

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Comhrúnaireachta

Ag na cruinnithe iomlánacha, d'fhéach na hAíre ar na forbairtí sna ceantair NSMC éagsúla ar mhaithe le comhoibriú bunaithe ar thuarascálacha ar dhul chun cinn a chuir an Chomhrúnaireacht i láthair. Seo a leanas na príomhshaincheistanna a pléadh agus tá clúdach níos sonraí déanta orthu i gCaibidil 4:

- dul chun cinn ar thionscadail bóithre an A5 agus an A8;
- obair ar aitheantas ar an dá thaobh ar dhícháilíochtaí tiomána agus pointí pionóis;
- cur chuige comhordaithe ar thabhairt isteach leibhéal alcóil níos ísle; straitéisí sábháilteachta ar bhóithre agus forfheidhmiú trasteorann;

- dul chun cinn ar dhréacht-Straitéis uile-oileáin maidir le Sláinte agus Leas Ainmhithe;
- an tionchar a bhí ag an éilliú bia ainmhithe sa dá dhlínse;
- comhoibriú trasteorann ar chosaint leanaí;
- plean gnímh deich bpointe uile-oileáin maidir le féinmharú a chosc;
- comhoibriú dlúth conas déileáil leis an ráig A/ H1N1 (Flú na Muc);
- tús le Comhaontú Leibhéal Seirbhísí idir an Bord Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh Thuaisceart Éireann agus Ospidéal Mhuire na Leanaí i gCromghlinn, Baile Átha Cliath le tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí cairdiacha péidiatraiceacha ó bhroinn;
- deireadh a chur le diúscairt dramhaíola mhídhleathach;
- seirbhís iarnróid Bhaile Átha Cliath/Béal Feirste;
- an tionchar a bhí ag titim an tarbhealaigh ag Mullach Íde agus athoscailt an iarnróid ina dhiaidh sin;
- comhoibriú leanúnach i gcúrsaí Oideachais lena n-áirítear dul i ngleic le tearc-ghnóthachtáil san oideachas, freastal ar riachtanais oideachais speisialta lena n-áirítear forbairt ar Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin; agus
- dul chun cinn ar shaincheisteanna soghluaisteachta trasteorann lena n-áirítear láithreán gréasáin the Border People.

ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÍMHINN

2.4 Thug an Chomhairle ar aird i mí na Nollag gurbh fhéidir, de réir Chomhaontú Chill Rímhinn, Grúpa Athbhreithnithe a bhunú chun moltaí a thuairisciú chuig an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) agus go bhfuil rún ag an nGrúpa Athbhreithnithe tuarascáil chríochnaitheach a thabhairt ag an gcéad Chruinniú Iomlánach eile.

FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH THEAS

2.5 Thug an Chomhairle ar aird athbhreithniú leanúnach Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar an bhFóram Saoránachta agus ar alt 22 de Chomhaontú Chill Rímhinn. Meabhraíodh gur chuir Rialtas na hÉireann a chuid moltaí chuig Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i mí Mheán Fómhair 2008 agus gur éascaigh Rialtas na hÉireann comhdháil comhairliúcháin an 15 Deireadh Fómhair 2009 i gcomhar le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus grúpaí eile ón tsochaí shibhialta ó ar fud an oileáin. Chomhaontaigh an Chomhairle na comhráite ar an bhFóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas a thabhairt chun críche go luath.

FÓRAM PARLAIMINTE THUAIDH THEAS

2.6 Thug an Chomhairle ar aird gur cheist don Oireachtas agus do Chomhthionól Thuaisceart Éireann é bunú an Fhórait seo. Tugadh Alt 21 de Chomhaontú Chill Rímhinn ar aird mar aon le moladh ó Spéicéir Chomhthionól Thuaisceart Éireann Comhdháil Parlaiminte Thuaidh Theas a reáchtáil.

SCEIDEAL DE CHRUINNITHE AMACH ANSEO

2.7 Ag gach cruinniú Iomlánach bhreithnigh agus chomhaontaigh an Chomhairle sceideal de chruinnithe don am amach anseo.



CAIBIDIL A TRÍ

CRUINNITHE INSTITIÚIDE NSMC



CAIBIDIL A TRÍ: Cruinnithe Institiúide NSMC



Sa phictiúr ag cruinniú NSMC i bhformáid institiúide an 28 Aibreáin tá an LeasChéad-Aire Martin McGuinness, MP, MLA, An tAire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin, TD, An Chéad Aire an Ró-Onórach Peter Robinson, MP, MLA, agus an tAire Sóisearach Jeffrey Donaldson, MP, MLA.

3.1 Bhuail an NSMC le chéile faoi dhó i bhformáid institiúide – i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath an 28 Aibreán agus i gCaisleán Stormont an 11 Samhain. D'fhreastail an tAire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin, TD, An Chéad Aire an Ró-Onórach Peter Robinson, MP, MLA, an LeasChéad-Aire Martin McGuinness, MP, MLA, agus an tAire Forbartha Sóisialta Margaret Ritchie, MLA, ar an dá chruinniú sin. D'fhreastail an tAire Sóisearach Jeffrey Donaldson, MP, MLA, ar chruinniú mhí an Aibreáin agus d'fhreastail an tAire Sóisearach Robin Newton, MLA, ar chruinniú na Samhna.

SOGLHUAISTEACHT TRASTEORANN

3.2 Bhí saincheisteanna soghluaisteachta trasteorann ina ábhar tábhachtach comhráite ag cruinnithe institiúideacha. Bhreithnigh na hAirí ábhair a chuireann isteach ar chumas daoine gluaiseacht thar an teorainn, sa dá threo chun obair a fháil, chun staidéar a dhéanamh nó chun cónaí ann.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN BORDER PEOPLE

3.3 D'fháiltigh an Chomhairle roimh an dul chun cinn atá déanta ar fhorbairt, ar mhargaíocht agus ar bhainistiú láithreán gréasáin Border People www.borderpeople.info, láithreán a sholáthraíonn rochtain ar eolas seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán do dhaoine a théann thar an teorainn chun cónaí ann, nó chun tabhairt faoi chúrsaí oibre nó chun staidéar a dhéanamh. Tugtar cuairt ar an láithreán gréasáin thart ar 10,000 uair sa mhí agus cinntíodh maoiniú chun breisfhorbairt a dhéanamh ar an láithreán gréasáin go ceann tréimhse 3 bliana ó 2009-2011 faoi INTERREG IVA. Dhírigh straitéis margaíochta de chuid an láithreáin ghréasáin ar imeachtaí sonracha i réigiún na teorann faoi Shamhain agus faoi Nollaig.

BAINCÉIREACHT TRASTEORANN

3.4 Thug Airí ar aird toradh dearfach ó chomhráite a reáchtáladh le raon leathan grúpaí leasmhara,

lena n-áirítear eagraíochtaí gnó agus tomhaltóirí agus na príomhinstiúidí bainc éireachta maidir le táillí bainc éireachta trasteorann. Is é an toradh a bhí leis na comhráite sin gur foilsíodh, den chéad uair, tábla inchomparáide mionsonraithe de chostas táillí gnáth-idirbhearta trasteorann ar láithreán gréasáin Border People agus tugann sin trédhearcacht anois do thomhaltóirí. D'fheidhmigh formhór na ngrúpaí bainc éireachta, nó táthar i mbun feidhmíthe faoi láthair, ardáin TF nua a chiallóidh go mbeidh táillí idirbhearta trasteorann níos ísle ann. Ina theannta sin, ba chóir go laghdódh feidhmíú Threoir an AE maidir le hÍocaíochtaí Aonair Eorpaigh agus Treoir an AE maidir le Seirbhísí Íocaíochta na costais a bheidh i gceist le hidirbhearta trasteorann amach anseo.

PINSIN

3.5 Thug Airí ar aird go raibh roinnt roghanna aitheanta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le haistriú cearta pinsean ar bhonn trasteorann. Mar sin féin, mar gheall ar chúrsaí costais agus an aeráid eacnamaíoch atá ann faoi láthair d'aontaigh an Chomhairle nach rogha inmharthana faoi láthair socruithe comhaltais cómhálartacha i scéimeanna pinsin an Líonra Aistrithe agus an Club Aistrithe. Tá plean bunaithe chun múinteoirí a chur ar an eolas maidir le hathruithe ar shocruithe pinsin do na múinteoirí sin ar mhian leo aistriú ag obair i ndlínse eile. Mar an chéad chéim, reáchtálfar seimineáir eolais leis na Ceardchumainn do Mhúinteoirí.

SAINCHEISTEANNA MAIDIR LE COMHLACHTAÍ THUAIDH THEAS

3.6 Phléigh na hAirí raon saincheisteanna maidir leis na Comhlachtaí lena n-áirítear feidhmíú coigilteas éifeachtúlachta carnach ina mbuiséid 2009 agus 2010 agus bearta coigiltis costas eile atá comhaontaithe. Cuireadh an Chomhairle ar an eolas freisin faoi raon saincheisteanna acmhainní daonna maidir leis na Comhlachtaí.

ÁBHAIR MAIDIR LEIS AN AE A TUGADH AR AIRD LAISTIGH DEN NSMC

3.7 Bhí comhráite forleathan idir na hAirí ar chomhoibriú maidir le hábhair an AE. Thug siad ar aird an obair ar ábhair maidir leis an AE i Limistéir Chomhoibríthe NSMC iomchuí Áirítear orthu sin forbairtí i gcúrsaí Talmhaíochta, Dobharshaothrú agus Mara agus Cláir AE Speisialta.



CAIBIDIL A CEATHAIR

CRUINNITHE NSMC I BHFORMÁID EARNÁLA



Réamhrá

Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar chruinnithe NSMC i bhformáid earnála sa bhliain 2009. Is féidir na Teachtaireachtaí Comhpháirteacha ó na cruinnithe sin a fháil ag www.northsouthministerialcouncil.org.

Talmhaíocht



Sa phictiúr ag cruinniú NSMC i bhformáid eárnála Talmhaíochta an 20 Márta tá Sammy Wilson, MP, MLA, An tAire Comhshaoil, Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, agus Brendan Smith, TD, An tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia.

4.1.1 Chas an NSMC le chéile i bhformáid eárnála Talmhaíochta i mBaile Átha Cliath an 20 Márta agus an 18 Samhain agus i Greenmount an 21 Iúil. D'fhreastail Brendan Smith, TD, An tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus Michelle Gildernew, MP, MLA, ar na trí chruinniú sin. D'fhreastail Sammy Wilson, MP, MLA, An tAire Comhshaoil ar chruinniú mhí an Mhárta. D'fhreastail Edwin Poots, MLA, An tAire Comhshaoil ar chruinniú mhí Iúil mar aon le Éamon Ó Cuív, TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. D'fhreastail Robin Newton, MLA, Aire Sóisearach, Oifig an Chéad Aire agus an LeasChéad-Aire ar chruinniú mhí na Samhna.

ÉILLIÚ BIA AINMHITHE

4.1.2 Thug Airí aird ar na comhráite a bhí ar siúl ag cruinniú Iomlánach NSMC an 23 Eanáir 2009 maidir leis an eachtra éillithe bia ainmhithe a tharla in 2008 agus an tionchar a bhí ag an eachtra sin ar fheirmeoirí agus ar tháirgeoirí ar fud an oileáin. Comhaontaíodh leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth le chéile chun na bearta, a bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann chun dul i ngleic leis an ábhar

sin, a thabhairt chun críche. Comhaontaíodh freisin comhoibriú a threisiú chun déileáil le mórthaismí den sórt sin agus iarradh ar oifigigh na socruithe atá ann faoi láthair a athbhreithniú agus más gá iad a athchóiriú.

STRAITÉIS UILE-OILEÁIN MAIDIR LE SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

4.1.3 Tugadh ar aird an dul chun cinn a bhí déanta ar sheachadadh dréacht-Straitéis Uile-Oileáin maidir le Sláinte agus Leas Ainmhithe, agus tugadh ar aird freisin go bhfuil obair ar siúl chun socruithe d'ócáid comhchomhairle do gheallsealbhóirí trasteorann á tabhairt chun críche go luath in 2010.

SLÁINTE PLANDAÍ AGUS LOTNAIDICÍDÍ

4.1.4 Rinne an Grúpa Stúirthe ar Shláinte Plandaí agus Lotnaidicídí cur i láthair os comhair na nAirí faoin tuarascáil a rinneadh ar an gcur chuige straitéiseach atá déanta i gcomhar maidir le sláinte plandaí agus lotnaidicídí. Aithníodh sa tuarascáil sin roinnt suntasach réimsí comhleasa a mbeadh tairbhe ann ó chreat oibre comhaontaithe maidir le comhordú agus

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

seachadadh. Comhaontaíodh gur chóir don Ghrúpa Stiúrtha clár oibre a fhorbairt a bheidh le breithniú ag cruinniú NSMC amach anseo i bhformáid earnála Talmhaíochta.

COMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA (CAP) & AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA TRÁDÁLA (WTO)

4.1.5 Pléadh forbairtí ar fheidhmiú Chomhaontú Seiceála Sláinte CAP, todhchaí CAP agus WTO, na dúshlán atá roimh an earnáil talmhaíochta, go háirithe i ndáil le spriocanna laghdaithe astuithe gáis cheaptha teasa agus staid reatha an tionscail déiríochta. D'iarr an Chomhairle ar oifigigh fanacht ag obair go dlúth le chéile ar na saincheisteanna sin agus tuairisc a thabhairt ar fhorbairtí ag cruinniú NSMC amach anseo i bhformáid earnála Talmhaíochta.

FORBAIRT TUAITHE

4.1.6 D'fháiltigh an Chomhairle roimh an tionchar dearfach a bhí ag comhoibriú ar Chlár an AE 2000-2006 ar a ngeilleagar tuaithe trasteorann lena n-áirítear cruthú 80 fiontar tuaithe nua agus cúnaimh do 600 fiontar tríd an mbeart Forbartha Tuaithe INTERREG IIIA. D'fháiltigh an Chomhairle freisin roimh an tús a cuireadh le hiarratais ar an bhfo-théama Forbartha Tuaithe den Chlár EU INTERREG IVA agus ceadú an tionscadail PEACE III a dhéanann iarracht aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna seicteachais agus ciníochais i gcomhthéacs tuaithe agus leithroinnt maoinithe do thionscadail chomhoibríthe, lena n-áirítear tionscadail trasteorann, faoi ghnéithe LEADER den dá Chlár Forbartha Tuaithe 2007-13.

CUR I LÁTHAIR MAIDIR LE HATHSTRUCHTÚRÚ TUAITHE

4.1.7 Ag an gcruinniú i mí Iúil sholáthair Ionad Idirnáisiúnta d'Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach cur i láthair lán le heolas do na hAírí ar an staidéar a bhí déanta acu ar athstruchtúrú tuaithe agus a bhreithnigh an tionchar agus an todhchaí atá ag polasaí agus cleachtas athstruchtúraithe tuaithe.

Oideachas



Sa phictiúr ag cruinniú NSMC an 20 Bealtaine tá Sir Reg Empey, MLA, An tAire Fostaíochta agus Foghlama, Caitríona Ruane, MLA, An tAire Oideachais agus Batt O’Keeffe, TD, An tAire Oideachais agus Eolaíochta.

4.2.1 Chas an NSMC le chéile i bhformáid eárnála Oideachais i gCoillidh Chanannáin an 20 Bealtaine agus i mBaile Átha Cliath an 25 Samhain. D’fhreastail Batt O’Keeffe, TD, An tAire Oideachais agus Eolaíochta, Caitríona Ruane, MLA, An tAire Oideachais agus Sir Reg Empey, MLA, An tAire Fostaíochta agus Foghlama ar an dá chruinniú sin.

TEARC-GHNÓTHACHTÁIL SAN OIDEACHAS

4.2.2 Rinne cleachtóirí oideachais cur i láthair os comhair na Comhairle faoi chur chuigí maidir le lánpháirtíú leanaí nua i scoileanna agus pléadh na dúshláin a bhíonn rompu. Thug Airí ar aird an comhoibriú leanúnach feadh an oileáin ar an tsaincheist sin agus d’fháiltigh siad roimhe. Tugadh ar aird freisin an dul chun cinn i gcás na foilsitheoireachta i gcomhar ar dhea-chleachtas i múineadh litearthachta agus uimhearthachta i scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus comhaontaíodh gur chóir gurb é fócas Sheachtain Leabhar na Leanaí Uile-Oileáin a reachtálfar i 2010 ná díriú den chuid is mó ar leanaí nach ndéanann mórán léitheoireachta sa bhaile agus iad sin

nach mbíonn mórán teacht acu ar ábhair léitheoireachta agus iad sin a bhíonn i mbaol titim siar.

MALARTUITHE SCOILE, ÓIGE AGUS MÚINTEOIRÍ

4.2.3 D’fháiltigh na hAirí roimh idirchaidreamh níos dlúithe idir na seirbhísí a dhéanann forbairt ghairmiúil ar mhúinteoirí sa dá dhlínse maidir le hoideachas inseirbhíse do mhúinteoirí trí mheán na Gaeilge. Tugadh ar aird freisin go bhfuil tuilleadh malartuithe pleanáilte don scoilbhliain 2009-2010 idir na Cigireachtaí sa dá Roinn Oideachais atá dírithe ar thacú le forbairt leanúnach ar chleachtas cigireachta sa dá dhlínse.

4.2.4 Thug Airí ar aird an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ar fhorbairt chreat oibre do chlár i gcomhar atá beartaithe do bhainistiú agus do mhaoiniú malartuithe oideachais sa toadhcháil. Tugadh ar aird freisin an rannpháirtíocht leanúnach idir an dá Roinn agus an Cuibhreannas Malartuithe Thuaidh Theas agus an tIonad do Staidéar Trasteorann.

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

CÁILÍOCHTAÍ MÚINTEOIRÍ

4.2.5 Rinne Cathaoirligh i gComhar ar an mBuanchoiste ar Oideachas Mhúinteoirí Thuaidh agus Theas (SCoTENS) cur i láthair do na hAirí a léirigh an obair a dhéanann siad maidir le hoideachas múinteoirí agus tugadh ar aird freisin tuairisciú a rinneadh maidir le comhdháil bhliantúil 2009.

OIDEACHAS DO LEANAÍ LE RIACHTANAS OIDEACHAIS SPEISIALTA

4.2.6 D'fháiltigh na hAirí freisin roimh an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ar sheirbhísí ag Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin agus mar a d'éirigh leis an gComhdháil Neamhoird ar Speictream an Uathachais a tionóladh an 13 Samhain 2009 maidir le Cumarsáid a Chumasú.

4.2.7 Ag an gCruinniú Iomlánach NSMC i mí na Nollag 2009, d'fháiltigh an Chomhairle roimh chinneadh Rialtas na hÉireann deireadh a chur leis an stop le maoiniú caipitil d'Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin. Thug an Chomhairle ar aird freisin go bhfuil sé beartaithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus ag an Aire Oideachais plean ilbhliantúil céimnithe nuashonraithe a ullmhú d'fhorbairt an Ionaid sa todhchaí i gcomhar leis an mBord.

TIONSCADAL LÉINN EORPAIGH

4.2.8 Rinneadh cur i láthair do na hAirí ar ghníomhaíochtaí, ar ghnóthachtálacha agus ar phleananna an Tionscadail Léinn Eorpaigh don todhchaí. Is é aidhm foriomlán an Tionscadail Léinn Eorpaigh comhoibriú a spreagadh idir na mic léinn agus na foirne atá rannpháirteach ann agus cur le forbairt oideachais sa ghné níos leithne den Phobal Eorpach trí mhic léinn a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna reatha sóisialta, eacnamaíochta agus polaitíochta agus na struchtúir ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal Eorpach.

An Comhshaol



Sa phictiúr ag an gcuinniú NSMC san earnáil Comhshaoil a tionóladh an 30 Deireadh Fómhair tá John Gormley, TD, An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Margaret Ritchie, MLA, An tAire Forbartha Sóisialta agus Edwin Poots, MLA, An tAire Comhshaoil.

4.3.1 Chas an NSMC le chéile i bhformáid earnála Comhshaoil an 20 Márta i mBaile Átha Cliath agus an 30 Deireadh Fómhair in Ard Mhacha. D'fhreastail John Gormley, TD, An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Margaret Ritchie, MLA, An tAire Forbartha Sóisialta ar an dá chruinniú. D'fhreastail Sammy Wilson, MP, MLA, An tAire Comhshaoil ar chruinniú mhí an Mhárta agus d'fhreastail Edwin Poots, MLA, An tAire Comhshaoil ar chruinniú mhí Dheireadh Fómhair.

FORBAIRT CHREAT UISCE AN AE

4.3.2 D'fháiltigh na hAirí roimh an dul chun cinn leanúnach ar fheidmiú Chreat-Treoir Uisce an AE i ndáil le huiscí comhroinnte. Rinneadh comhchomhairle faoi dhréacht-Phleananna Bhainistiú Abhantracha do na trí cheantar abhantraí idirnáisiúnta trasteorann – an tIarthuaisceart, Eathach Banna agus an tSionainn. Meastar go dtabharfar na pleananna chun críche go luath in 2010. Aistreoidh an fócas ansin ó phleanáil go dtí feidmiú chlár na mbearta a bheidh riachtanach

chun cuspóirí na Treorach a bhaint amach. Rinneadh Measúnú Comhshaoil Straitéiseach a bhí maoinithe i gcomhar ag an tráth céanna leis na pleananna bainistithe chun meastóireacht a dhéanamh ar iarmhairtí comhshaoil na bpleananna agus na gclár bearta agus chun dul i gcomhairle leis an bpobal ina leith.

BUNACHAIR SONRAÍ AGUS TAIGHDE COMHSHAOIL

4.3.3 Chuir an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann moltaí i láthair na nAirí, a comhaontaíodh maidir le forbairt sraith comóna táscairí comhshaoil agus foilseofar iad in 2011. Éascóidh na táscairí measúnú ar threochtaí do réimsí comhshaoil tábhachtacha lena n-áirítear aer, aeráid, uisce, talamh, bithéagsúlacht agus dramhaíl. Tá an dá gníomhaireacht ag obair freisin ar pháipéar taighde comhshaoil i gcomhar a thabharfar os comhair na nAirí in 2010 agus ina thaobh sin tá na gníomhaireachtaí ag iniúchadh scóip chur an méid agus is féidir le rochtain ar

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

mhaoiniú AE do thaighde comhshaoil, lena n-áirítear an Seachtú Clár Creat Oibre (FP7) agus INTERREG.

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA SA CHOMHTHÉACS TRASTEORANN

4.3.4 Ag an dá chruinniú, d'athbhreithnigh na hAirí dul chun cinn ar obair dírithe ar thabhairt ar ais dramhaíola a dumpáladh go mídhleathach trasteorann. Cheadaigh na hAirí Comhshaoil Comhaontú Creat Oibre i mí an Mheithimh 2009 i ndáil ar an gcéad dul síos le tógáil dramhaíola a dumpáladh go mídhleathach ag dhá láithreán tosaíochta, ag Slattinagh, Contae Fhear Manach agus in aice le Trileac i gContae Thír Eoghain. Beidh sin mar bhunús don ghníomh ar na 18 láithreán eile. Meastar go gcuirfear tús leis an obair ar an dá láithreán sin in 2010. D'fháiltigh an Chomhairle roimh na gníomhartha forfheidhmithe i gcomhar atá ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar dhramhaíl atá á bogadh agus tugadh ar aird go bhfuil tuilleadh gníomhartha beartaithe don todhchaí.

CLÁR FORBARTHA ÁBHAIR IN-ATHCHÚRSÁILTE

4.3.5 D'fháiltigh na hAirí roimh athbhunú an Ghrúpa Stiúrtha Forbartha Margaidh Thuaidh Theas agus áirítear air ionadaithe ó na hearnálacha gnó agus earnálacha neamhrialtais, a bunaíodh chun clár forbartha margaidh d'ábhar in-athchúrsáilte a bhrú ar aghaidh. Tá an Grúpa ag iarraidh leas a bhaint as barraineachtaí scála sa mhargadh d'ábhar mar sin sa dá dhlínse agus beidh an fócas ar dtús ar shrutha dramhaíola tosaíochta, lena n-áirítear ábhar orgánach, dramhbhia, plaisteach ó dhramhaíl tí, dramhaíl tógála agus scartála. Bhí an deis ag na hAirí freisin a gcuid tuairimí a roinnt faoi fhorbairtí polasaí ar shaincheisteanna dramhaíola eile lena n-áirítear málaí plaisteacha agus guma coganta.

Sláinte



Sa phictiúr ag an gcuinniú NSMC a reáchtáladh an 25 Samhain tá Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Michael McGimpsey, MLA, An tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus Mary Harney, TD, An tAire Sláinte agus Leanaí.

4.4.1 Chas an NSMC i bhformáid eárnála Sláinte le chéile i mBaile Átha Cliath an 10 Meitheamh agus i mBéal Feirste an 25 Samhain. D'fhreastail Mary Harney, TD, An tAire Sláinte agus Leanaí, Michael McGimpsey, MLA, An tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe ar an dá chruinniú. D'fhreastail Barry Andrews, TD, An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar chruinniú mhí an Mheithimh freisin.

PLEANÁIL H1N1

4.4.2 Fuair na hAíre tuarascálacha maidir le dul chun cinn ar phleanáil agus ar obair ullmhúcháin d'Fhlú na Muc agus fáiltíodh roimh an gcomhoibriú agus roimh an eolas a roinneadh agus roimh an bpleanáil a rinneadh ar Fhlú na Muc, obair a bhí ar siúl idir oifigigh agus Aíre sa dá dhlíne agus na struchtúir atá bunaithe maidir le comhordú ar shaincheisteanna comhleasa, agus d'oibrigh siad sin go maith go dtí seo.

COSAINT LEANAÍ

4.4.3 D'fháiltigh na hAíre roimh dhul chun cinn ar fheidhmiú chinneadh lomlánach NSMC clár oibre a fhorbairt chun go mbeidh níos mó comhoibrithe ann maidir le Cosaint Leanaí. Fuarthas an t-eolas is deireanaí freisin maidir le hobair an Ghrúpa Chosanta Leanaí trasteorann agus na foghrúpaí lena n-áirítear malartú faisnéise ar shábháilteacht an idirlín agus láithreáin líonraithe sóisialta; obair i dtreo prótacail i gcomhar a bhunú maidir le leanaí faoi chúram, nó leanaí ar an gclár cosanta leanaí, leanaí a théann ar iarraidh; agus leanaí a imíonn thar an teorainn, agus nuair a bhíonn ábhar imní ann maidir le leanaí; an dul chun cinn i bhforbairt dréacht-straitéise cumarsáide i gcomhar agus bileoga eolais le comhairle orthu maidir le cad is féidir a dhéanamh má bhíonn imní ar dhuine faoi leanbh, agus ar nósanna imeachta earcaíochta níos sábháilte d'fhostóirí; obair i dtreo chomhoibriú níos fearr maidir le taighde cosanta leanaí agus aistriú eolais agus reáchtáladh comhdháil maidir le seiceáil agus urchosc ar éirigh go maith léi an 11 Samhain. Fáiltíodh freisin roimh an obair i gcomhar a lean ar aghaidh laistigh den dá dhlíne maidir le bainistiú ciontóirí gnéis.

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

TAIGHDE AR AILSE

4.4.4 D'athbheithnigh na hAirí an comhoibriú leanúnach ar thaighde ailse, fáiltíodh roimh an síneadh chuig Tuaisceart Éireann ar thionscadal ar an víreas daoine papilloma de chuid Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus roimh bhunú leabharlainne géine uile-oileáin. D'fháiltigh siad freisin roimh thrialacha cliniciúla agus taighde leanúnach ag an leibhéal áitiúil, trasteorann agus ag leibhéal idirnáisiúnta agus tugadh ar aird dul chun cinn i bpleanáil do bhunú bithbhainc do thaighde leighis sa dá dhlínse agus aithníodh freisin an dúshlán a bheidh ann na pleananna sin a chur ar aghaidh san aeráid eacnamaíochta atá ann faoi láthair.

CUR CHUN CINN SLÁINTE

4.4.5 Phléigh na hAirí na tosaíochtaí maidir le cur chun cinn sláinte ar bhonn páipéir a d'ullmhaigh an Institiúid Sláinte Poiblí agus comhaontaíodh go mbeadh aird ag tosaíochtaí comhoibrithe sa todhchaí ar indéantacht agus ar inbhuanaitheacht.

FÉINMHARÚ A CHOSC

4.4.6 D'fháiltigh an Chomhairle roimh an raon leathan comhoibrithe a bhíonn ann chun féinmharú a chosc lena n-áirítear seoladh treoirilínite meán athbheithnithe agus chuir O2 deireadh leis na táillí fánaíochta chuig an Líne Cabhrach Freagartha i gcás Géarchéime i gceantar na teorann.

SEIRBHÍSÍ CAIRDIACHA PÉIDIATRAICEACHA Ó BHROINN

4.4.7 D'fháiltigh an Chomhairle roimh bhunú Chomhaontú Seirbhíse idir an Bord Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus Ospidéal Mhuire na Leanaí i gCromghlinn, Baile Átha Cliath chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí cairdiacha péidiatraiceacha ó bhroinn.

RADAITEIRIPE

4.4.8 Thug Airí ar aird an t-amchlár réamh-mheasta d'fhorbairt ionad radaiteiripe nua fo-réigiúnach ag Ospidéal Alt Mhic Dhuibhleacháin agus fáiltíodh roimh bhunú foghrúpa trasteorann chun comhairle a thabhairt maidir le bealaí cúraim don tsaoráid nua le haird ar acmhainn othar as Contae Dhún na nGall.

MAOINIÚ AE DO SHEIRBHÍSÍ SLÁINTE AGUS CÚRAM SÓISIALTA

4.4.9 D'fháiltigh an Chomhairle roimh dhámhadh £24 milliún (thart ar €30 milliún) ón gComhlacht Clár Speisialta de chuid an Aontais Eorpaigh ar sheirbhísí sláinte agus cúram sóisialta faoin gClár INTERREG IVA. Déanfar an tionscadal a bhainistiú i gcomhar idir an dá Roinn Sláinte agus cuirfidh Comhoibriú agus Obair le Chéile (CAWT) i bhfeidhm é thar a gceann.

Turasóireacht



Fáiltíonn an tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, Arlene Foster, MLA roimh ghrúpa de ghníomhairí taistil as an nGearmáin chuig Árais na Parlaiminte

CÚLRA

4.5.1 Tá Tourism Ireland Ltd freagrach as margaíocht a dhéanamh thar lear ar oileán na hÉireann mar cheann scríbe do thurasóirí. Tá Bord le 12 comhalta ag Tourism Ireland arna gceapadh ag an NSMC. Is é an tUasal Hugh Friel agus Ciara Boyle Uasal an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach faoi seach. Tá ainmneacha na gcomhaltaí Boird reatha liostaithe in Iarscríbhinn a Trí. Is é an tUasal Niall Gibbons, Príomhfheidhmeannach Tourism Ireland. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil ar www.tourismireland.com

CRUINNITHE NSMC

4.5.2 Chas an NSMC le chéile i bhformáid eárnála Turasóireachta i mBaile Átha Cliath an 1 Aibreán agus sa Chlochár an 16 Nollaig. D'fhreastail Martin Cullen, TD, An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus Arlene Foster, MLA, An tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta ar an dá chruinniú. D'fhreastail Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe ar chruinniú mhí Aibreáin agus

d'fhreastail an tAire Sóisearach Gerry Kelly, MLA, ar chruinniú mhí na Nollag.

4.5.3 Ag na cruinnithe sin, fuair na hAirí an t-eolas is deireanaí ar obair Tourism Ireland agus na coinníollacha eacnamaíocha domhanda atá an-dúshlánach faoi láthair agus a raibh tionchar diúltach acu ar fheidhmíocht na turasóireachta in 2009. Pléadh tátail athbheithniú Tourism Ireland ar Mhargá na hEorpa agus tugadh ar aird gurb é an príomhchur chuige straitéiseach ná athdhírú agus tosaíocht a thabhairt do na margaí foinse sin a thugann an deis is fearr d'Éirinn cur leis an líon cuairteoirí a thagann go hÉirinn. Pléadh athbheithniú Tourism Ireland freisin ar mhargadh na Breataine lena n-áirítear an Plean Gnímh deich bpointe atá leagtha amach chun a chinntiú go dtiocfaidh ardú ar an líon cuairteoirí as an mBreatain sa ghearrthéarma.

4.5.4 D'fháiltigh na hAirí roimh chinneadh an Phríomh-Oifig Staidrimh leanúint leis an Suirbhé Taistil Líon Tí ar bhonn nuashonraithe, tugadh ar aird an comhoibriú leanúnach idir Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus an Phríomh-Oifig Staidrimh agus

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

Suirbhé Tíre Cónaithe Thuaisceart Éireann mar aon le bunú Ghrúpa Idirchaidrimh Staitisticí Turasóireachta nua a bhfuil ionadaithe ann ó ghníomhaireachtaí turasóireachta agus staitistice san dá dhlíne.

4.5.5 Glacadh buíochas le Príomhfheidhmeannach Tourism Ireland, an tUasal Paul O'Toole a d'éirigh as a chuid oibre agus d'fháiltigh na hAirí roimh cheapachán an Uasail Niall Gibbons a bheidh ag teacht mar chomharba air. Ghlac siad freisin le héirí as an Uasail Tom McGrath ó Bhord Tourism Ireland, ghlac siad buíochas leis as an méid oibre a rinne sé leis an mBord agus ceadáíodh ceapadh an Uasail Howard Hastings ina Stiúrthóir.

PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD

4.5.6 Thug an Chomhairle ar aird gur shábháil Tourism Ireland roinnt mhaith airgid ina mBuiséad do 2009 de réir treorach a d'eisigh an dá Roinn Airgeadais. Ceadáíodh Plean Gnó 2009 agus mhol an Chomhairle an soláthar buiséid de £55.652m (€71.349m) do Tourism Ireland do 2009.

Lompar



Ag seoladh an láithreáin ghréasáin ar roinnt carranna don réigiún Thiar Thuaidh, a fhaigheann comhthacaíocht, tá Conor Murphy, MP, MLA, an tAire Forbartha Réigiúnaí agus Noel Dempsey, TD, An tAire Iompair

4.6.1 Bhuail an NSMC le chéile i bhformáid earnála lompair i Latharna an 3 Aibreán agus sa Bheart an 4 Samhain. D'fhreastail Noel Dempsey, TD, An tAire Iompair agus Conor Murphy, MP, MLA, an tAire Forbartha Réigiúnaí ar an dá chruinniú. D'fhreastail Sammy Wilson, MP, MLA, ar chruinniú Mhí Aibreáin agus d'fhreastail an duine a tháinig i gcomharbacht air mar Aire Comhshaoil, Edwin Poots, MLA, ag cruinniú Mhí na Samhna.

4.6.2 Ag na cruinnithe, thug Airí ar aird an deis comhoibriú trasteorann i ndáil le Pleanáil Iompair Straitéiseach agus Sábháilteacht ar Bhóithre a phlé, agus chuir siad fáilte roimh an deis sin.

BÓITHRE

4.6.3 Thug Airí ar aird an dul chun cinn leanúnach a rinneadh ar thionscadail bhóithre an A5 (Achadh na Cloiche ar an taobh Thiar Thuaidh) agus an A8 (Béal Feirste-Latharna) agus go rabhthas ag súil le conraitheoirí/dearthóirí a cheapadh don dá thionscadal faoi dheireadh an Fhómhair 2009 agus go ndearna an tAire Iompair íocaíocht €9m ar Chiste Comhdhlúite TÉ de

réir an nós imeachta chomhaontaithe. Tugadh ar aird na hoibreacha móra atá ar siúl chun uasghrádú a dhéanamh ar an A4 idir Dún Geanainn agus Eochair; tugadh ar aird freisin go raibh tuarascáil rognaithe bealaigh tugtha chun críche cheana féin do Scéim Chluainín go Gleann an Chairthe an N16 (16km), atá faoi choimirce an Údaráis um Bóithre Náisiúnta lena cheadú. Phléigh Airí na tograí i bPlean Seachadta Infheistíochta do Bhóithre na Roinne Forbartha Réigiúnaí maidir le seachbhóithre d'Inis Ceithleann agus do Bhaile na Lorgan freisin, agus thug siad ar aird gur foilsíodh an tuarascáil ar 'Anailís ar an nGá leis an mBealach N16/A4 a Uasghrádú', a bhí comh-choimisiúnaithe ag Comhairle Ceantair Fhear Manach agus ag Comhairle Chontae Shligigh.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

4.6.4 I measc na saincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre a ndearnadh breithniú orthu, thug Airí ar aird an cúlra agus an seasamh reatha ar theorainneacha nua maidir le tiomáint faoi thionchar dí sa dá dhlíne agus chomhaontaigh said gur chóir an deis do chur chuige comhordaithe ar thabhairt isteach theorainneacha nua a fhiosrú. Phléigh said an staid reatha maidir le básanna

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

ar an mbóthar i ngach ceann de na dlínsí freisin agus thug siad ar aird an Dearbhú a rinneadh don AE i ndáil le cur i bhfeidhm déthaobhach an Choinbhinsiúin ar Chomhaitheantas ar Dhícháilithe Tiomána idir an Ríocht Aontaithe agus Éire a thiocfaidh i bhfeidhm ag deireadh Mhí Eanáir 2010.

4.6.5 Rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir leis na straitéisí sábháilteachta ar bhóithre atá ann cheana féin agus maidir le straitéis nua do Thuaisceart Éireann. Rinne na hAirí athbhreithniú ar chomhoibriú leanúnach idir an dá dhlínse sna réimsí fógraíochta agus poiblíochta, taighde agus forfheidhmithe freisin. Thug siad ar aird freisin gur fhoilsigh an Roinn Iompair an Creat Polasaí Náisiúnta Rothaíochta a lean an polasaí Taisteal Níos Cliste agus go gcuireann an Roinn Forbartha Réigiúnaí, trína tionscnamh TravelWise, síúl, rothaíocht, iompar poiblí agus roinnt carranna chun cinn go gníomhach i measc gnóthas, comaitéirí agus scoileanna.

IOMPAR INBHUANAITHE

4.6.6 Thug Airí ar aird gur thionscain an Roinn Forbartha Réigiúnaí athbhreithniú ar an Straitéis Iompair Réigiúnach le tuilleadh socruithe iompair inbhuanaithe a chinntiú agus gur chuir sí tuarascáil ar fáil a leagann astuithe gáis cheapa teasa ón iompar amach. Thug siad ar aird freisin go bhfuil oifigigh ag dul i ngleic go dearfach leis an gclár oibre iompair inbhuanaithe agus go bhfuil tionscnaimh a chuireann béim ar an ngné uile-oileáin á mbrú chun cinn acu.

4.6.7 Cuireadh in iúl don Chomhairle go raibh láithreán gréasáin roinnt carranna don réigiún Thiar Thuaidh a fhaigheann comhthacaíocht oibríoch agus go raibh sé le seoladh go foirmiúil roimh an Nollaig.

DROICHD

4.6.8 Thug Airí ar aird gur cheap Comhairle Chontae Muineacháin conraitheoir chun tabhairt faoi athsholáthar dhá dhroichead ar an teorainn idir Tír Eoghain agus Muineachán agus gur chóir go mbeadh an obair curtha i gcrích faoi Gheimhreadh 2010. Thug siad ar aird freisin go bhfuil Comhairle Chontae Lú fós ag tabhairt faoi mheasúnú breise ar an tionscadal Droichead Chaol Uisce atá molta.

FÓRAM LASTAIS

4.6.9 Tar éis do InterTradelreland an staidéar “Freight Transport Report for the Island of Ireland” a fhoilsiú, chomhaontaigh an Chomhairle ag cruinniú Mhí an Aibreáin gur chóir don Roinn Iompair agus don Roinn Forbartha Réigiúnaí comhoibriú maidir le Fóram Lastais a eagrú. Tugadh ar aird ag cruinniú mhí na Nollag go ndéanadh na Ranna ábhartha, mar an chéad chéim d’Fhóram Lastais a eagrú, cruinniú de phríomhghceallsealbhóirí san earnáil lastais a chomheagrú go luath i Mí na Nollag 2009 chun saincheisteanna tosaíochta, a ndéanfaidh an Fóram breithniú orthu, a aithint. Tá na saincheisteanna tosaíochta sin le breithniú go géar ag grúpaí oibre a bheidh comhdhéanta d’ionadaithe príomhghceallsealbhóirí agus de dhaoine a bhfuil spéis acu earnáil lastais inbhuanaithe ar fud an oileáin a chur chun cinn.

IOMPAIR TUAITHE POBALBHUNAITHE

4.6.10 Thug an Chomhairle ar aird go bhfuiltear ag leanúint leis an obair ar scéim phíolóta iompair tuaithe pobalbhunaithe i limistéar theorainn Fhear Manach/an Chabháin, ag teacht leis an sceideal/leis an bplean tionscadail comhaontaithe, go bhfuil na Ranna sásta go mbeidh na torthaí ábharthach maidir le breithniú ar shaincheisteanna iompair trasteorann agus uilechumsitheachta sóisialta, agus tá sí ag súil le tuarascáil iomlán a bheith á cur faoi bhráid chruinniú NSMC amach anseo.

IARNRÓD

4.6.11 Phléigh Airí dul chun cinn ar an nasc iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Thug siad ar aird an staid maidir le titim isteach Tarbhealach Mhullach Íde agus chomhaontaigh siad go leanfadh an dá chuideachta, Iarnród Éireann agus Northern Ireland Railways, leis an obair chun na paisinéirí a mhealladh ar ais tar éis athsheoladh na seirbhíse. Chomhaontaigh siad freisin go ndéanfaí athbhreithniú ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leis na tograí chun iontaofacht traenacha ar an líne a fheabhsú le súil agus flít athchumraithe a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

Dobharshaothrú agus Mara



Ag cruinniú an NSMC i bhformáid eárnála Dobharshaothraithe agus Mara an 20 Iúil tá Conor Lenihan, TD, an tAire Stáit d'Acmhainní Nádúrtha, Eamon Ryan, TD, an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Ian Titterington, Leas Stiúrthóir CAFRE agus an tAire Sóisearach Robin Newton, MLA

CÚLRA

4.7.1 Bíonn cruinnithe ag an NSMC ar chúrsaí Dobharshaothraithe agus Mara le cinntí a dhéanamh ar pholasaithe agus ar ghníomhartha atá le cur i bhfeidhm ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (FCILC). Tá Bord de 12 comhalta ceaptha ag an NSMC ag an FCILC agus feidhmíonn sé feidhmeanna an Chomhlachta maidir le limistéar an Fheabhail agus i limistéar Chairlinn trí Ghníomhaireacht na Loch. Is iad an tUasal Tarlach Ó Crosáin agus Jacqui McConville, Uasal Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird, faoi seach. Tá liosta de chomhaltaí reatha an Bhoird in Aguisín a Trí. Is é an tUasal Derick Anderson Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Loch. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil ag www.loughs-agency.org.

CRUINNITHE AN NSMC

4.7.2 Bhuail an NSMC le chéile i bhformáid eárnála Dobharshaothraithe agus Mara i gCairlinn an 30 Aibreán, i Greenmount an 20 Iúil agus i mBaile Átha Cliath an 18 Samhain. D'fhreastail Eamon Ryan, TD, An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní

Nádúrtha, Conor Lenihan, TD, an tAire Stáit d'Acmhainní Nádúrtha agus Michelle Gildernew, MP, MLA, an tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, ar gach ceann de na trí chruinniú. D'fhreastail an tAire Sóisearach, Jeffrey Donaldson, MP, MLA ar chruinniú Mhí an Aibreáin agus d'fhreastail an tAire Sóisearach, Robin Newton, MLA, ar na cruinnithe i Mí Iúil agus i Mí na Samhna.

TUARASCÁLACHA AR AN DUL CHUN CINN AGUS CUIR I LÁTHAIR

4.7.3 Fuair Airí tuarascálacha ar an dul chun cinn ar obair Ghníomhaireacht na Loch ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach. Áiríodh orthu sin cur i bhfeidhm Straitéis Forbartha Turasóireachta Mara trí leathadh amach na dtionscadal arna dtacú ag INTERREG IV agus tuarascáil ar an gclár measúnaithe cáilíochta uisce réamhghníomhach a bhfuil an Ghníomhaireacht ag tabhairt faoi i ndobharcheantair an Fheabhail agus Chairlinne. Thug Airí ar aird go bhfuil an cur chuige seo faoi stiúir na heolaíochta an-tairbheach don Ghníomhaireacht maidir le hiascaigh an Fheabhail agus Chairlinn a chaomnú agus a chosaint. Chuir siad fáilte roimh chomhoibriú leanúnach na Gníomhaireachta le compháirtithe sa tionscal agus le gníomhaireachtaí

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

eile freisin, agus roimh an teagmháil atá aici le geallseabhóirí agus a cuid oibre á cur i gcrích aici.

4.7.4 Tugadh tuarascálacha do na hAirí ar sheachadadh imeachtaí forbartha slatiascaireachta ar éirigh go maith leo, agus ar sheachadadh an Árthaigh Mhonatóireachta Mara, an Ostrea, le tacaíocht ó Mhaoiniú Ionstraime Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh an AE.

4.7.5 Fuair Airí tuarascáil freisin ar chomhthionscadal taighde a choimisiúnaigh Gníomhaireacht na Loch agus a rinneadh le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste agus le Foras na Mara, ar struchtúr daonra géiniteach bhradáin an Fheabhail agus ar chomhdhéanamh stoic an iascaigh tráchtála. Thug siad ar aird go raibh ról ceannasach ag na comhpháirtíochtaí eolaíochta a bunaíodh le linn an tionscadail sin maidir le forbairt tionscadail taighde ollmhór ar fud na hEorpa ar úsáid teicnící géiniteacha chun bunús na mbradáin a ghabhtar san fharraige (SALSEA) a aithint.

RIALACHÁIN GHNÍOMHAIREACHT NA LOCH

4.7.6 Ag na cruinnithe, ceadáíodh cúig shraith rialachán is gá chun na hiascaigh i limistéar an Fheabhail agus i limistéar Chairlinn a chaomhnú agus a chosaint. Áirítear orthu sin Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail agus Limistéar Chairlinn (Innill Iascaireachta a Cheadúnú) (Leasú) 2009,; Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail (Iascaireacht Oisrí a Rialú) (Leasú)

2009; Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail agus Limistéar Chairlinn (Eascanna a Chaomhnú) 2009; Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail agus Limistéar Chairlinn (Slatiascaireacht) (Leasú) 2009; Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail agus Limistéar Chairlinn (Garbhiascaireacht) 2009.

RIALACHÁIN ÉIGEANDÁLA

4.7.7 Chomhaontaigh an Chomhairle, i gcásanna éigeandála, gur chúí Gníomhaireacht na Loch a éascú maidir le dul i ngníomh go pras nuair is cuí sin agus cheadaigh sí, ar feadh tréimhse bliana, nós imeachta chun rialacháin éigeandála a cheadú.

SCÉIM CÚITIMH D'IASCAIRÍ BRADÁN

4.7.8 Ag leanúint de chinneadh a rinneadh cheana, thug Airí ar aird cur i gcrích sheachadadh an Phacáiste Cruatain do chúichóiríú ar iascaireacht bradáin tráchtála.

PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD

4.7.9 Thug an Chomhairle ar aird gur chuir Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann coigilteas éifeachtúlachta i bhfeidhm ina Bhuiséad do 2009 de réir treorach a d'eisigh an dá Roinn Airgeadais. Ceadáíodh Plean Gnó 2009 agus mhol an Chomhairle an soláthar buiséid de £5.1817m (€6.643m) do Choimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann do 2009.

Sábháilteacht Bia



Ag seoladh Chlár Taispeánta Thionscnaimh Bhia an Phobail, arna mhaoiniú ag safeFood, tá (ó chlé go deas) Martin Higgins, Príomhfheidhmeannach, safeFood, John Dardis, Cathaoirleach, Bord Comhairleach safeFood, an Dr Michael McBride, Príomh-Oifigeach Míochaine Thuaisceart Éireann agus Marjo Moonen, Cathaoirleach, Healthy Food for All.

AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA

CÚLRA

4.8.1 Bíonn cruinnithe ag an NSMC ar chúrsaí Sábháilteachta Bia le cinní a dhéanamh maidir le polasaithe agus gníomhartha atá le cur i bhfeidhm ag an mBord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (FSPB). Oibríonn an FSPB faoin aitheantóir branda “safeFood”. Tá Bord Comhairleach de 12 comhalta ann, a cheap an NSMC, agus is é an príomhdhualgas atá air sábháilteacht bia a chur chun cinn agus tacú le comhoibriú eolaíoch i measc na bhforas atá ag obair sa réimse sin. Is iad an tUasal John Dardis agus an tUasal Campbell Tweedie Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird faoi seach. Tá liosta de chomhaltaí reatha an Bhoird tugtha in Aguisín a Trí. Is é an tUasal Martin Higgins Príomhfheidhmeannach safeFood. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.safeFood.eu

CRUINNITHE NSMC

4.8.2 Bhuail an NSMC le chéile i bhformáid earnála Sábháilteachta Bia i mBaile Átha Cliath an 25 Samhain. D’fhreastail Mary Harney, TD, an tAire Sláinte agus Leanaí, Michael McGimpsey, MLA, an tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus Michelle Gildernew, MP, MLA, an tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe ar an dá chruinniú. D’fhreastail Barry Andrews, TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar chruinniú Mhí an Mheithimh freisin.

4.8.3 Ag na cruinnithe sin fuair na hAirí Tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn ón gCathaoirleach, ón Leas-Chathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach. Áiríodh orthu sin dul chun cinn a rinneadh ar fhorbairt Fóram Gnímh ar Mhurtall, an raon gníomhartha chur chun cinn déanta ag safeFood lenar áiríodh feachtas i gcomhar le Foras Croí na hÉireann agus le Cumann Thuaisceart Éireann um an Chliabhach, chun cur leis an bhfeasacht ar an méid salainn san aiste bia a laghdú.

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

AN TSEIRBHÍS TAGARtha EINTRÍ

4.8.4 Rinneadh cur i láthair d’Airí ar thograí maidir le forbairt seirbhíse tagartha eintrí d’oileán na hÉireann. Thug siad ar aird moladh na Rannóg Urraithe, nár chóir do safefood anailís eacnamaíoch a choimisiúnú, agus gur chóir dóibh aon obair bhreise ar fhorbairt sheirbhísí tagartha eintreacha a chur siar, de bharr cúinsí reatha an chaiteachais phoiblí.

AN COISTE COMHAIRLEACH EOLAÍOCH

4.8.5 Thug Airí ar aird go raibh téarma oifige an Choiste Chomhairligh Eolaíoch (SAC) reatha le dul in éag an 31 Nollaig 2009 agus ghabh siad buíochas leis na comhaltaí a bhí ag imeacht. Thug siad ar aird moladh safefood maidir le struchtúr athbhreithnithe don SAC nua agus go dtabharfaí ainmniúcháin don SAC nua ar aghaidh lena mbreithniú ag cruinniú de chuid an NSMC amach anseo.

PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD

4.8.6 Thug an Chomhairle ar aird gur chuir an Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia coigilteas éifeachtúlachta i bhfeidhm ina Bhuiséad do 2009 de réir treorach a d’eisigh an dá Roinn Airgeadais. Ceadaíodh Plean Gnó 2009 agus mhol an Chomhairle an soláthar buiséid de £7.664m (€9.826m) don Bhord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia do 2009.

Uiscebhealaí Intíre



Ag oscailt oifigiúil Áras Cheanncheathrú Uiscebhealaí Éireann in Inis Ceithleann tá, ó chlé go deas, Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Gregory Campbell, MP, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, John Martin, Príomhfheidhmeannach, Uiscebhealaí Éireann. Éamon Ó Cuív TD, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

UISCEBHEALAÍ ÉIREANN

CÚLRA

4.9.1 Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as na córais uiscebhealaigh inseolta intíre ar fud an oileáin a bhainistiú, a chothabháil, a fhorbairt agus a athchóiriú, chun críocha áineasa go príomha. Faoi láthair tá sé freagrach as na huiscebhealaí seo a leanas: Loingseoireacht na Bearú, Córas na hÉirne,

An Chanáil Mhór, Loingseoireacht na Banna Íochtair, an Chanáil Ríoga, Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus Loingseoireacht na Sionainne, a chuimríonn thart ar 1,000km d'uiscebhealaí inseolta. Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as athchóiriú ar an gcuid de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair freisin agus, tar éis athchóirithe, as bainistiú, cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar an gcuid sin. Is é an tUasal John Martin Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.waterwaysireland.org

CRUINNITHE AN NSMC

4.9.2 Bhuail an NSMC le chéile i bhformáid earnála d'Uiscebhealaí Intíre in Inis Ceithleann an 16 Eanáir, i nGaoth Dobhair an 9 Iúil agus i mBéal Feirste an 2 Nollaig. D'fhreastail Éamon Ó Cuív, TD, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar gach ceann de na cruinnithe sin. D'fhreastail Gregory Campbell, MP, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Michelle Gildernew, MP, MLA, an tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe ar chruinniú Mhí Eanáir. D'fhreastail Nelson McCausland, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Caitriona Ruane, MLA, an tAire Oideachais ar chruinniú Mhí Iúil. D'fhreastail an tAire McCausland, agus Conor Murphy, MP, MLA, an tAire Forbartha Réigiúnaí, ar chruinniú na Nollag.

4.9.3 Ag gach ceann de na cruinnithe, fuair Airí tuarascáil ar an dul chun cinn ón bPríomhfheidhmeannach ar ghníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann. Thug siad ar aird gur chuir Uiscebhealaí Éireann 99 méadar d'fheistiú poiblí breise ar fáil ar na huiscebhealaí idir Mhí Eanáir agus Mhí

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

Dheireadh Fómhair 2009, agus gur thóg siad an droichead deiridh chun an Chanáil Ríoga a nascadh leis an Sionainn.

CEANNCHEATHRÚ NUA

4.9.4 Osclaíodh foirgneamh Cheanncheathrú nua Uiscebhealaí Éireann in Inis Ceithleann go hoifigiúil i Mí Eanáir 2009 agus ba iad Gregory Campbell, MP, MLA, Éamon Ó Cuív, TD, agus Michelle Gildernew, MP, MLA a d'oscail é. Fuair an foirgneamh nua duais inbhuanaitheachta in 2009 ó Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte.

MARGAÍOCHT

4.9.5 Chuir Airí fáilte roimh leanúint ar aghaidh ghníomhaíochtaí margaíochta Uiscebhealaí Éireann trí fhoilseacháin nua a chur ar fáil chun úsáid na n-uiscebhealaí a chur chun cinn agus tacú leo, chomh maith le hurraíocht a dhéanamh ar phríomhimeachtaí in 2009.

CANÁIL ULADH

4.9.6 Rinneadh athbhreithniú freisin ar an dul chun cinn i ndáil le hathchóiriú an chuid de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair agus tugadh ar aird go bhfuil an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil le cur i gcrích roimh dheireadh 2009 agus go bhfuil an Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil le cur i gcrích i Mí Iúil 2010 agus go bhfuiltear ag déanamh athbhreithniú ar bhealaí agus ar roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

AN tSIONAINN

4.9.7 Eagraíodh cur i láthair do na hAirí ar ghníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann ar uiscebhealach na Sionainne agus thug siad ar aird gur chuir Uiscebhealaí Éireann 50% leis an líon feistithe ansin agus 120% leis an líon árthaí ar an tSionainn ón mbliain 2000. Phléigh an Chomhairle na tuille troma a tharla ar bhruach na Sionainne, inar taifeadadh leibhéil uisce nár facthas riamh cheana.

AN CHANÁIL RÍOGA

4.9.8 Eagraíodh cur i láthair don Chomhairle ar athchóiriú na Canála Ríoga. Thug an Chomhairle ar aird an feabhsú a bhfuil ag éirí leis ar an gCanáil Ríoga chun forbairt bhreise a dhéanamh ar rochtain ar na huiscebhealaí agus ar ghníomhaíochtaí in aice an uisce leis an nasc leis an tSionainn a chur i gcrích.

DIÚSCAIRTÍ MAOINE

4.9.9 Chomhaontaigh Airí roinnt diúscairtí maoine ag na cruinnithe i gcomhthéacs raon tograí forbartha ar na huiscebhealaí.

PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD

4.9.10 Thug an Chomhairle ar aird gur chuir Uiscebhealaí Éireann coigilteas éifeachtúlachta i bhfeidhm ina Bhuiséad do 2009 de réir treorach a d'eisigh an dá Roinn Airgeadais. Ceadáíodh Plean Gnó 2009 agus mhol an Chomhairle an soláthar buiséid de €43,080,000 (£33,600,000) d'Uiscebhealaí Éireann do 2009.

Teanga



Sa phictiúr tá Nelson McCausland, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Éamon Ó Cuív, TD, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag Cruinniú na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas, i bhformáid eárnála Teanga, an 9 Iúil.

AN FORAS TEANGA/ THA BOORD O LEID

CÚLRA

4.10.1 Cuimsíonn an Foras Teanga dhá ghníomhaireacht ar leithligh – Foras na Gaeilge agus Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Cuireann na Gníomhaireachtaí teangacha agus cultúir na Gaeilge agus na hUltaise chun cinn, faoi seach. Is é an NSMC a cheapann Bord an Fhorais Teanga. Is é an tUasal Liam Ó Maoilmhichíl Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge. Le linn 2009 d'éirigh Mark Thompson as mar Chathaoirleach Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Ghabh na hAirí buíochas leis as ucht a chuid oibre agus cheap siad an tUasal John Hunter i gcomharbacht air. Tá an tUasal Ó Maoilmhichíl agus an tUasal Hunter ina gComh-Chathaoirligh ar an bhForas Teanga.

4.10.2 Tá 15 comhalta eile ar Bhord Fhoras na Gaeilge agus tá 7 gcomhalta eile ar Bhord Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Tá liosta díobh sin tugtha in Aguisín a Trí. Is é an tUasal Ferdie Mac an Fhailigh Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge agus is í Hazel Campbell, Uasal

Príomhfheidhmeannach Eatramhach Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.forasnageilge.ie agus ag www.ulsterscotscotland.com

CRUINNITHE AN NSMC

4.10.3 Bhuail an NSMC le chéile i bhformáid eárnála Teanga an 16 Eanáir in Inis Ceithleann, an 9 Iúil i nGaith Dobhair agus an 2 Nollaig i mBéal Feirste. D'fhreastail Éamon Ó Cuív, TD, an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar gach ceann de na cruinnithe sin. D'fhreastail Gregory Campbell, MP, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Michelle Gildernew, MP, MLA, an tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, ar chruinniú Mhí Eanáir. D'fhreastail Nelson McCausland, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Caitriona Ruane, MLA, an tAire Oideachais, ar chruinniú Mhí Iúil. D'fhreastail an tAire McCausland agus Conor Murphy, MP, MLA, an tAire Forbartha Réigiúnaí, ar chruinniú Mhí na Nollag.

4.10.4 Fuair Airí tuarascálacha ar an dul chun cinn ag na cruinnithe sin a rinne tagairt do, inter alia, an comhoibriú leanúnach idir Foras na Gaeilge agus

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

Gníomhaireacht na hUltaise, inar áiríodh sraith léachtaí ar “Gnéithe dár n-oidhreacht chomhroinnte”, déanamh scannán i nGaeilge faoin Ultais agus faoi chultúr na hUltaise le craoladh ar TG4 agus seastáin chomhroinnte ag imeachtaí éagsúla e.g. an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus imeacht na Long Ard i mBéal Feirste. Áiríodh ar thionscadail eile a chuir na Gníomhaireachtaí i bhfeidhm FÓN, tionscadal faoi bheith ag foghlaim ó theicneolaíocht nua, a bhuaigh Duais Eorpach do Theangacha, “The Language Label”, an 26 Meán Fómhair 2009, seoladh láithreáin ghréasáin nua de chuid Gníomhaireacht na hUltaise an 15 Deireadh Fómhair 2009.

AN SCÉIM CÚNAIMH AIRGEADAIS

4.10.5 Chomhaontaigh Airí Scéim Cúnaimh Airgeadais leasaithe do Gníomhaireacht na hUltaise, scéim a thugann deiseanna do raon grúpaí agus daoine aonair tacaíocht airgeadais a fháil ón nGníomhaireacht do raon gníomhaireachtaí Ultaise.

ATHBHREITHNIÚ AR CHROÍMHAOINIÚ

4.10.6 Chuir an Chomhairle fáilte roimh athbhreithniú Fhoras na Gaeilge ar a chuid eagraíochtaí croímhaoinithe freisin agus chomhaontaigh sí go ndéanfaí croímhaoiniú Fhoras na Gaeilge ar earnáil deonach na Gaeilge a athchumrú d’fhonn cur chuige níos éifeachtaí, níos sruthlínithe agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de, maidir le maoiniú na hearnála, a chinntiú.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

4.10.7 Thug Airí ar aird go bhfuil Cuntas 2005 an Fhorais Teanga ceadaithe ag an dá Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus go bhfuiltear ar tí iad a shíniú. Ina dhiaidh sin leagfar iad faoi na Tithe faoi seach ag am atá le comhaontú ag na Rannóga Urraithe. Thug siad ar aird freisin go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh i ndáil leis na Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntas do na blianta 2006, 2007 agus 2008. D’iarr siad tuarascáil bhreise ar an dul chun cinn ag an gcéad chruinniú eile de chuid an NSMC i bhformáid earnála Teanga.

PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD

4.10.8 Thug an Chomhairle ar aird gur chuir an Foras Teanga coigilteas éifeachtúlachta i bhfeidhm ina Bhuiséad do 2009 de réir treorach a d’eisigh an dá Roinn Airgeadais. Ceadáíodh an Plean Gnó do 2009 agus mhol an Chomhairle an soláthar buiséid de £3,433,800 (€4,401,860) do Gníomhaireacht na hUltaise agus de €20,300,540 (£15,834,421) d’Fhoras na Gaeilge, do 2009.

Cláir AE Speisialta



Sa phictiúr tá Airí Airgeadais Sammy Wilson, MP, MLA, agus Brian Lenihan, TD.

COMHLACHT NA GCLÁR AE SPEISIALTA (SEUPB)

CÚLRA

4.11.1 Is é misean SEUPB cláir mhaoinithe a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach thar ceann an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh agus é mar aidhm aige cúrsaí sóisialta agus eacnamaíocha a rachadh chun leasa

mhuintir Thuaisceart Éireann agus na hÉireann a fheabhsú trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. Is é an tUasal Pat Colgan Príomhfheidhmeannach an SEUPB.

4.11.2 Is é an SEUPB an tÚdarás Bainistithe do Chlár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann (PEACE III) agus don Chlár INTERREG IVA. Is é atá freagrach chomh maith as monatóireacht a dhéanamh ar an gCaibidil Chomhchoiteann, an creat straitéiseach do chomhoibriú trasteorann thar réimse

leathan earnálacha comhaontaithe idir an dá Rialtas agus tá sé freagrach as a gcur chun cinn chomh maith. Tá an Comhlacht freagrach freisin as na heilimintí Thuaidh Theas de na Tionscnaimh Chomhphobail (LEADER +, URBAN II, agus EQUAL) in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tacóidh an CCSAE chomh maith le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas sna Cláir Thrasnáisiúnta INTERREG IVB agus sa Chlár Idir-Réigiúnach INTERREG IVC. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.seupb.org.

CRUINIÚ AN NSMC

4.11.3 Bhail an NSMC le chéile i bhformáid earnála Cláir AE Speisialta an 8 Meán Fómhair i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail Brian Lenihan, TD, an tAire Airgeadais, Sammy Wilson, MP, MLA, an tAire Airgeadais agus Pearsanra, agus an tAire Sóisearach Gerry Kelly, MLA, ar an gcruinniú sin.

4.11.4 Ag an gcruinniú fuair Airí tuarascáil ar an dul chun cinn ón bPríomhfheidhmeannach ar ghníomhaíochtaí Chomhlacht na gClár AE Speisialta. Rinne sin tagairt

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

do na cláir PEACE II agus INTERREG IIIA, gur bhain siad a gcuid spriocanna caiteachais bliantúla go léir suas go 2007 amach, gur chuir an SEUPB struchtúir fhorfheidhmithe ar bun chun comhairle phraiticiúil a chur ar fáil d'iarraitais tionscadail ionchasacha ar INTERREG IVB agus IVC, agus rinne sí tagairt don dul chun cinn déanta ar fhorbairt an Líonra PEACE chun a leanann as maoiniú PEACE a roinnt.

PEACE III

4.11.5 Thug Airí ar aird an dul chun cinn a rinneadh ar fhorfheidhmiú an chláir PEACE III. Tá comhbhuiséad de €155.9 milliún ag na tionscadail atá ceadaithe. Thug Airí ar aird freisin gur ceadáíodh an chéad 55 tionscadal faoi Théama 1.2, An tAm a Caitheadh a Admháil agus Déileáil Leis, ina bhfuil béim faoi leith ar dhaoine a d'fhulaing agus ar dhaoine a tháinig as. Thug Airí ar aird freisin go ndearna an SEUPB teagmháil réamhghníomhach le grúpaí tearc-ionadaithe, pobal na bProtastúnach ina measc, lena chinntiú go mbeidh gach pobal rannpháirteach go hiomlán sa chlár.

4.11.6 Thug Airí ar aird freisin gur ceadáíodh 14 Plean Gnímh PEACE Áitiúla ó chnuasaigh Údarás Áitiúil, le leithdháileadh de bhreis agus €55m ar fad, agus bhí na hAirí ag súil le cur i bhfeidhm na bpleananna sin.

INTERREG IVA

4.11.7 Thug Airí ar aird gur cheadaigh an Clár INTERREG IVA (Tuaisceart Éireann/Éire/Albain) 34 tionscadal ar fiú €150.9 milliún iad, go dtí seo, agus go bhfuil gach tionscadal ceadaithe in ann airgead a chaitheamh ag teacht lena litir thairisceana chomhaontuithe. Áirítear ar thionscadail cheadaithe Project Kelvin, tionscnamh infrastruchtúr TE chun cur leis an nascacht leathanbhanda san Iarthuaisceart, tionscnamh a fuair €30 milliún. Thug an Chomhairle ar aird freisin rannpháirtíocht iomlán grúpaí atá bunaithe sna húdaráis áitiúla sa Chlár agus rannpháirtíocht iomlán na hAlban. Ceadáíodh 13 tionscadal ina bhfuil comhpháirtithe Albanacha go dtí seo.

PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD

4.11.8 Thug an Chomhairle ar aird gur chuir an SEUPB coigilteas éifeachtúlachta i bhfeidhm ina Bhuiséad do 2009 de réir treorach a d'éisigh an dá Roinn Airgeadais. Ceadáíodh an Plean Gnó do 2009 agus mhol an Chomhairle an soláthar buiséid de £2,930,000 (€3,750,000) don SEUPB do 2009.

Forbairt Trádála agus Gnó



Sa phictiúr tá Cathaoirleach InterTradelreland David Dobbin agus Príomhfheidhmeannach Liam Nellis ag an bhFóram Eacnamaíoch i Mí an Mheithimh i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath.

CÚLRA

4.12.1 Bunaíodh an Foras Forbartha Trádála agus Gnó, ar a dtugtar InterTradelreland chun eolas a mhalmartú agus chun obair ar thrádáil, forbairt ghnó agus cúrsaí gaolmhara a chomhoibriú, i réimsí ina gcomhaontaíonn an dá riarachán gur é leas an dá thaobh é. Tá Bord 12 comhalta, a cheap an NSMC, ag InterTradelreland. Tá liosta díobh sin tugtha in Aguisín a Trí. Is iad an tUasal David Dobbin agus an tUasal John Fitzgerald Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Bhord InterTradelreland faoi seach. Is é an tUasal Liam Nellis an Príomhfheidhmeannach. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ag www.intertradeireland.com.

CRUINNITHE AN NSMC

4.12.2 Bhuail an NSMC le chéile i bhformáid earnála Forbartha Trádála agus Gnó i mBaile Átha Cliath an 8 Iúil agus sa Chlochar an 16 Nollaig. D'fhreastail Mary Coughlan, TD, Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus Arlene Foster, MLA,

an tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, ar an dá chruinniú sin. D'fhreastail Conor Murphy, MP, MLA, an tAire Forbartha Réigiúnaí ar chruinniú Mhí Iúil agus d'fhreastail an tAire Sóisearach Gerry Kelly, MLA, ar chruinniú na Nollag.

4.12.3 Ag na cruinnithe fuair Airí tuarascálacha ar an dul chun cinn ón bPríomhfheidhmeannach ar ghníomhaíochtaí InterTradelreland (ITI). Áiríodh orthu sin eolas ar ghnóthú luach forbartha gnó de £61.2M/€78.5M agus rannpháirtíocht 328 gnóthas ar Chlár agus Líonraí InterTradelreland. Fuair Airí cuir i láthair freisin ón gCathaoirleach ar an athbhreithniú straitéiseach a rinne an Bord ITI.

4.12.4 Mhol Airí an tsraith seónna bóthair 'Time for Business' a thionól ITI ar fud oileán na hÉireann inar tugadh eolas d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ar na seirbhísí atá ar fáil dóibh ó ITI, agus go raibh seirbhís nua ilfreastail bunaithe ag ITI le haidhm agus cabhrú le gnó ar fud an dá dhlíne ó thaobh chúrsaí trasteorann.

CAIBIDIL A CEATHAIR: Cruinnithe NSMC I Bhformáid Earnála

Chuir an Chomhairle fáilte roimh an scéal go bhfuil smaointe agus pleananna nua i ndáil le heolaíocht, teicneolaíocht agus nuáil á bhforbairt ag ITI.

COMHOIBRÍÚ AR THAIGHDE AGUS FORBAIRT

4.12.5 Thug Airí ar aird páipéar a d'ullmhaigh InterTradelreland ar Chomhoibriú ar Thaighde agus Forbairt, a leagann comhpháirtíocht eacnamaíoch amach, a bhfuil gníomhaíochtaí tosaíochta ann, ina measc Chomhpháirtíocht Thaighde agus Forbartha Mheiriceá-na hÉireann-Thuaisceart Éireann agus gné na hEorpa (FP7) agus féidearthachtaí don dá dhlínse maidir le hoibriú le chéile chun an leas is mó is féidir a bhaint as tarraingt anuas maoiniú AE (nach bhfuil faoi réir maoiniú meaitseála). Chuir siad fáilte roimh chur chuige Chomhpháirtíocht Thaighde agus Forbartha Mheiriceá-na hÉireann-Thuaisceart Éireann ar aidhm leis cur leis an leibhéal comhoibrithe i measc taighdeoirí ar fud Mheiriceá-na hÉireann-Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear forbairtí go dtí seo. Thug Airí ar aird freisin deiseanna do thuilleadh comhoibrithe, ina measc: córas foláirimh luath do thograí ionchasacha don Seachtú

Creat-Chlár a fhorbairt; réimsí inar roinn Tuaisceart Éireann agus Éire leasanna agus saineolas a aithint; agus Clár Naisc Taighde InterTradelreland's a úsáid. D'iarr Airí go gcuirfí tuarascáil ar an dul chun cinn faoi bhráid chruinniú NSMC amach anseo.

4.12.6 Fuair Airí tuarascáil ar imeacht a d'óstaigh Ambasadóir Mheiriceá chun na hÉireann ina theach cónaithe chun na chéad cheithre thionscadal ar éirigh go maith leo faoi Chomhpháirtíocht Thaighde agus Forbartha Mheiriceá-na hÉireann a cheiliúradh, lena áiríodh duaiseanna a bhronnadh ar thaighdeoirí a raibh maoiniú bronnta orthu.

PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD

4.12.7 Thug an Chomhairle ar aird gur chuir InterTradelreland coigilteas éifeachtúlachta i bhfeidhm ina Bhuiséad do 2009 de réir treorach a d'eisigh an dá Roinn Airgeadais. Ceadaiódh an Plean Gnó do 2009 agus mhol an Chomhairle an soláthar buiséid de £10,781,550 do InterTradelreland do 2009.

AGUISÍN A HAON

LIOSTA DE CHRUINNITHE AN NSMC IN 2009

The background features a series of overlapping, semi-transparent blue circles of varying sizes. Overlaid on these circles are several large, light blue arrows pointing in various directions, creating a sense of movement and progress. The overall color palette is a range of blues, from light to dark.

AGUISÍN A HAON: Liosta de Chruinnithe an NSMC in 2009

LIOSTA DE CHRUINNITHE AN NSMC IN 2009

Léiríonn an tábla seo a leanas Cruinnithe an NSMC a tionóladh i rith 2009:

Cruinniú NSMC	Dáta	Láthair
Iomlánach	23 Eanáir	Ollscoil Uladh ag Coláiste Mhig Aoidh
	6 Iúil	Baile Átha Cliath
	14 Nollaig	Léim an Mhadaidh
Institiúide	28 Aibreán	Baile Átha Cliath
	11 Samhain	Stormont
Talmhaíochta	20 Márta	Baile Átha Cliath
	21 Iúil	Greenmount
	18 Samhain	Baile Átha Cliath
Oideachais	20 Bealtaine	Coillidh Chanannáin
	25 Samhain	Baile Átha Cliath
Comhshaoil	20 Márta	Baile Átha Cliath
	30 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Sláinte & Sábháilteachta bia	10 Meitheamh	Baile Átha Cliath
	25 Samhain	Béal Feirste
Turasóireachta	1 Aibreán	Baile Átha Cliath
	16 Nollaig	An Clochar
Iompair	3 Aibreán	Latharna
	4 Samhain	An Bheart
Dobharshaothraithe & Mara	30 Aibreán	Cairlín
	20 Iúil	Greenmount
	18 Samhain	Baile Átha Cliath
Uiscebhealaí Intíre	16 Eanáir	Inis Ceithleann
	9 Iúil	Gaoth Dobhair
	2 Nollaig	Béal Feirste
Teanga	16 Eanáir	Inis Ceithleann
	9 Iúil	Gaoth Dobhair
	2 Nollaig	Béal Feirste
Cláir Speisialta Eorpacha	8 Meán Fómhair	Baile Átha Cliath
Trádála & Forbartha Ghnó	8 Iúil	Baile Átha Cliath
	16 Nollaig	An Clochar

AGUISÍN A DÓ

COMHRÚNAIREACTH NA
COMHAIRLE AIREACH THUaidH THEAS

The background features a series of parallel diagonal stripes in shades of light blue and white, extending from the top-left towards the bottom-right. A large, semi-transparent blue circle is positioned in the lower half of the frame. Inside this circle, a white graphic of a staircase with several steps is visible, ascending from the bottom-left towards the top-right.

AGUISÍN A DÓ: Comhrúnaireacht Na Comhairle Aireach Thuaidh Theas

Tugann Comhrúnaireacht seasta, foirnithe de chomhaltaí Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus Státseirbhís na hÉireann, tacaíocht don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC). Is í Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire (OFMDFM) máthair-Roinn státseirbhíseach Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA) máthair-Roinn státseirbhíseach na hÉireann.

Is í Mary Bunting Comhrúnaí an Tuaiscirt agus is é Tom Hanney Comhrúnaí an Deiscirt. Is iad Pat Donaghy (Thuaidh) and Bill Nolan (Theas) na Leas-Chomhrúnaithe. Tháinig Bill i gcomharbacht ar Niall Holohan i Mí Mheán Fómhair 2009.

FEIDHMEANNA

Áirítear ar fheidhmeanna na Comhrúnaireachta:


- an sceideal do chruinnithe Comhairle i bhformáidí éagsúla a shocrú;
- comhaontú polaitiúil/Aireachta i ndáil le clár oibre do chruinnithe na Comhairle a chinntiú roimh ré;
- páipéir do chruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear maidir lena clár oibre a ullmhú nó a choimisiúnú;
- comhráitis agus taifid ar chinntí na Comhairle a dhréachtadh;
- cinntí na Comhairle a chur in iúl agus monatóireacht a dhéanamh ar a bhforfheidhmiú;
- tuarascáil bhliantúil ar imeachtaí na Comhairle a dhréachtadh;
- gníomhú mar mhodh cumarsáide le Comhlachtaí forfheidhmithe agus a bhforbairt a éascú;
- idirchaidreamh a dhéanamh, nuair is cuí, tríd an Roinn nó tríd an Oifig ainmnithe i gceachtar den dá dhlínse, le Rúnaíocht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann, le Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus leis an gcomhfóram parlaiminte Thuaidh Theas agus leis an bhfóram comhairleach neamhspleách nuair a bhunófar é; agus
- tascanna eile a d'fhéadfadh an Chomhairle a iarraidh a chur i gcrích.

MAOINIÚ

Is iad an OFMDFM agus an DFA a íocann costais foirne. Roinntear gach costas eile a bhaineann leis an gComhrúnaireacht agus leis an NSMC idir an dá riarachán. B'ionann costas reáchtála na Comhrúnaireachta in 2009 agus £1,686,380/€1,883,508.

AGUISÍN A TRÍ

COMHALTAÍ BHOIRD NA
GCOMHLACHTAÍ THUaidH THEAS

The background features a series of overlapping, semi-transparent blue circles of varying shades. Overlaid on these circles are several light blue arrows of varying sizes and orientations, pointing in different directions, creating a sense of movement and flow.

AGUISÍN A TRÍ: Comhaltaí Bhoird Na Gcomhlachtaí Thuaidh Theas

AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA

Bord Comhairleach

John Dardis (Cathaoirleach)

Campbell Tweedie (Leas-Chathaoirleach)

Ken Baird

Lynn Ní Bhaigheallain

Joe Byrne

Brian Cunningham

Aoife Healy

Susan Heraghty

Neven Maguire

Seamus Sheridan

Con Traas

Jane Wells

AN FORAS TEANGA FORAS NA GAELIGE

Liam Ó Maoilmhichíl (Cathaoirleach Foras na Gaeilge/
Comh-Chathaoirleach An Foras Teanga)

Eoghan Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach)

Áine Andrews

Lucilita Breathnach

Seanna Breathnach

Adelaide Nic Cárthaigh

Peter Gallagher Ceaptha i Mí Iúil 2009

Máiréad Nic Giolla Mhichíl

Norman Henry

Liam Kennedy

Éamonn Kinch

Marcas Mac Ruairi

Dónal Ó Bearra

Pádhraic Ó Biadha

Diarmuid Ó Murchú

Caoilfhionn Nic Pháidín

Caoilfhionn Nic Pháidín

THA BOORD O ULSTÈR SCOTCH

Mark Thompson

(Iar-Chathaoirleach)

D'éirigh as i Mí Iúil 2009

John Hunter

Ceaptha i Mí na Nollag 2009

(Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch/
Comh-Chathaoirleach an Fhorais Teanga)

Ian Adamson

Tony Crooks

Ceaptha i Mí na Nollag 2009

Angela Graham

William Humphrey

William Leathem

Jacqui Reed

Aileen Douglas

D'éirigh as i Mí Mheán Fómhair 2009

William Roulston

D'éirigh as i Mí na Samhna 2009

COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA HÉIREANN

Tarlach Ó Crosáin (Cathaoirleach)

Jacqui McConville (Leas-Chathaoirleach)

Enda Bonner

Brendan Byrne

John Byrne

Denis Haughey

Alan McCulla

Joe Miller

John Mulcahy

Winston Patterson

Thomas Sloan

Jim Wilson

AN FORAS FORBARTHA TRÁDÁLA AGUS GNÓ

David Dobbin (Cathaoirleach)

John Fitzgerald (Leas-Chathaoirleach)

Brendan Butler

Ray Doherty

Sean Gallagher

Jack Gilmour

Hugh Logue

Padraig MacLochlainn

Patricia McKeown

Dr Gerard O'Hare

Vincent Parker Ceaptha i Mí na Nollag 2009

Tom Scott

Rosaleen Doherty D'éirigh as i Mí na Samhna 2009

TOURISM IRELAND LIMITED

Hugh Friel (Cathaoirleach)

Ciara Boyle (Leas-Chathaoirleach)

Brian Ambrose

Howard Hastings Ceaptha 1 Aibreán 2009

David Lyle

Robert Manson

Mandy Martin

Bill McGinnis

Moira McNamara

John Power

Shaun Quinn

Ann Riordan

